Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6446/21**
**ADD 28**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0048(NLE)**

**RECH 72**
**COMPET 123**
**IND 40**
**MI 105**
**SAN 82**
**TRANS 94**
**AVIATION 42**
**ENER 50**
**ENV 94**
**SOC 95**
**TELECOM 70**
**AGRI 79**
**SUSTDEV 22**
**REGIO 29**
**IA 22**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 38 final - Part 7/9 |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú **An Chomhpháirtíocht Eorpach um an Eitlíocht Ghlan** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 38 final - Part 7/9.

Faoi iamh: SWD(2021) 38 final - Part 7/9

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2021
SWD(2021) 38 final

PART 7/9

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú**

**An Chomhphháirtíocht Eorpach um an Eitlíocht Ghlan**

{COM(2021) 87 final} - {SEC(2021) 100 final} - {SWD(2021) 37 final}

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad)** |
|---|
| Measúnú tionchair ar an gComhpháirtíocht Eorpach um Eitlíocht Ghlan |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá lorg éiceolaíochta na heitlíochta ag fás mar tá an t- aeriompar ag fás níos tapa ná na feabhsuithe incriminteacha teicneolaíochta agus oibríochtúla atáthar á dtabhairt isteach. Ina theannta sin, níl an cosán i dtreo eitlíocht atá neodrach ó thaobh aeráide de soiléir, toisc nach éasca is féidir réitigh a fhorbraítear in earnálacha eile a thabhairt isteach san eitlíocht. Le linn 2019 san Aontas Eorpach ghin an eitlíocht EUR 823 bhilliún, nó 4.1 % de OTI an Aontais, agus sholáthair sí 12.2 milliún post. Chun ceannaireacht thionsclaíoch agus ceannasacht teicneolaíochta Eorpach an Aontais a choinneáil ar bun ar scála domhanda, agus an Comhaontú Glas a bhaint amach san eitlíocht an tráth céanna, tá an- ghá le dlús a chur le cur in úsáid réitigh taighde agus nuálaíochta eitlíochta de chuid an Aontais. Éilítear go ndéanfaí cumas taighde agus nuálaíochta shlabhra luacha foriomlán eitlíochta na hEorpa atá roinnte faoi láthair a shlógadh chun teicneolaíochtaí atá neodrach ó thaobh aeráide de a fhorbairt laistigh d'amscála an Chomhaontaithe Ghlais. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Is é an phríomhchuspóir, mar fhreagairt ar an gComhaontú Glas don Eoraip, go rannchuideofaí leis an aeráidneodracht faoi 2050, agus go mbeadh céim eatramhach ann thart ar 2030, trí dhlús a chur le forbairt teicneolaíochtaí eitlíochta atá neodrach ó thaobh aeráide de. In éineacht le cur in úsáid agus úsáid mhórscála breoslaí eitlíochta nua inbhuanaithe glan- nialasacha nó dícharbónaithe ina n- iomláine, amhail breoslaí sintéiseacha cumhacht- go- leacht, meatán agus/nó hidrigin, d'fhéadfadh an flít ar seirbhís in 2050 feabhsú 90+ % ar éifeachtúlacht charbóin a bhaint amach i gcomparáid le flít an lae inniu. Is é an dara cuspóir ginearálta a bheadh ann a áirithiú go rannchuideodh gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta a bhaineann le haerloingseoireacht le hiomaíochas domhanda thionscal eitlíochta an Aontais trína áirithiú go bhfanfadh eitlíocht ní ba ghlaine sábháilte, slán agus éifeachtúil fós chun paisinéirí agus earraí a iompar d'aer. Is é an tríú cuspóir ginearálta a bheadh ann cuspóir cumas taighde agus nuálaíochta na hEorpa a chur chun cinn tuilleadh chun dlús a chur leis an bpróiseas taighde agus nuálaíochta agus é a bharrfheabhsú. Taobh amuigh de cheannaireacht thionsclaíoch, díreoidh taighde eitlíochta ar oideachas, cumas eolaíochta an Aontais a neartú agus a chomhcheangal agus tuilleadh FBManna atá dírithe go mór ar thaighde agus nuálaíocht a chruthú freisin. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Áirítear leis an réasúnaíocht is bun le hidirghabháil an Aontais castacht ollmhór na hiarrachta agus an gá gaolmhar le comhroinnt riosca, i bhfianaise na n-ardchostas a bhaineann le réitigh nuálacha theicneolaíocha a fhorbairt agus a léiriú. Ní fhéadfadh cuideachta aonair aerloingseoireachta, ná na cuideachtaí ar fad ó thír aonair in éineacht lena chéile, aerárthach nua sibhialta a dhearadh agus an aeráidneodracht a bhaint amach don eitlíocht.<br>Thairis sin, ba cheart do gach riachtanas taighde a bheith comhleanúnach le bearta margaidh agus dreasachtaí, chomh maith le creat láidir nua- aimseartha rialála agus caighdeánaithe a éileamh, nach féidir a dhearadh ach ar leibhéal an Aontais agus le comhar idirnáisiúnta. San am céanna, ceadaíonn gníomhaíocht an Aontais comhar éifeachtach ar leibhéal na hEorpa, d'fhonn sineirgí a chruthú le hearnálacha eile, agus le tíortha nach bhfuil mórthionscal eitlíochta acu. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann** |

| |
|---|
| **nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Is é an rogha thosaíochta tacú le taighde comhoibritheach bunúsach trí ghlaonna traidisiúnta Fís Eorpach, in éineacht le comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) institiúidithe faoi Airteagal 187 CFAE atá tiomnaithe do dhlús a chur le teicneolaíochtaí eitlíochta atá neodrach ó thaobh aeráide de a fhorbairt lena chun in úsáid a luaithe is féidir. Soláthraíonn CPP institiúidithe, murab ionann agus na roghanna eile lena mbaineann glaonna traidisiúnta amháin nó CPP conarthach, an leibhéal, doimhneacht agus fad gealltanais is gá. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar an staidéar Measúnaithe Tionchair, mhol 80 % de na freagróirí go mbeadh éifeacht shuntasach (dhearfach) ag comhpháirtíocht institiúidithe Eorpach ar cheannaireacht thionsclaíoch i dteicneolaíochtaí na heitlíochta glaine agus glacadh le teicneolaíochtaí nua a mhéadú, agus go mbeadh sé 'an- ábhartha' ina leith. Ní mheastar go bhfuil glaonna traidisiúnta oiriúnach chun glacadh le teicneolaíocht a áirithiú. Dheimhnigh na páirtithe leasmhara a dtiomantas i nDearbhú Comhpháirteach (2019 Le Bourget Paris Airshow) agus d'fhorbair siad Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht (SRIA) don chomhpháirtíocht. Léiríodh leis an gcomhairliúchán poiblí a reáchtáladh maidir le SRIA ardleibhéal leasa páirtithe leasmhara agus an phobail. Chuir páirtithe leasmhara i dtábhacht gur cheart don Eitlíocht Ghlan a bhéim a choinneáil ar an aeráidneodracht, d'ainneoin phaindéim dhian COVID- 19. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Is fearr a áiritheodh cur chun feidhme an tionscnaimh um Eitlíocht Ghlan trí chomhpháirtíocht institiúidithe go mbeadh na hearnálacha príobháideacha agus poiblí rannpháirteach ina n- iomláine fós sa taighde is gá chun réitigh atá neodrach ó thaobh aeráide de a fhorbairt agus a chur in úsáid i gcomhréir le ceanglais an Chomhaontaithe Ghlais. Tá sé comhsheasmhach le hacmhainní airgeadais agus comhchineáil an tionscail a ghiaráil, chun tionchar chistiú an Aontais a uasmhéadú. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Faigheann Comhghnóthas Spéire Glaine 2 atá ann faoi láthair EUR 1,755bn i gcistiú ón Aontas, agus EUR 2,19bn ar a laghad ó chomhaltaí príobháideacha. Ba iad an comhchlár taighde agus nuálaíochta eitlíochta in Fís 2020 agus FP7 EUR 0.5bn agus EUR 0.8bn faoi seach. Tugann spriocanna uaillmhianacha na haeráidneodrachta faoi 2050 agus an timthrialla nua chomhleanúnaigh taighde eitlíochta i dtreo 2050, gan dearmad a dhéanamh go bhfuil earnáil na heitlíochta buailte go dona ag géarchéim COVID- 19, údar le haon mhéadú (de thuairim is 25 % ar gach ceann den dá cholún taighde agus nuálaíochta). |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| Ar aon dul le glaonna na gclár eile, is FBManna iad thart ar 20 % de na comhpháirtithe. Sa chlár Spéir Ghlan 2, ba FBManna iad díreach os cionn 40 % de na comhpháirtithe a roghnaíodh sna deich nglao ar thograí go dtí seo (60 % den chlár foriomlán), tuairim agus an ceathrú cuid de chistí sna glaonna sin. Rachadh ceannaireacht san eitlíocht atá neodrach ó thaobh aeráide de chun sochair iomaíochas eitlíocht na hEorpa. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Níltear ag súil le haon tionchar ar leith ar bhuiséid náisiúnta. |

| An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist? |
| --- |
| Chruthódh an chomhphháirtíocht bheartaithe sineirgí go nádúrtha leis gComhpháirtíocht Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta Chomhtháite, agus le CPPanna ábhartha eile freisin. D'fhéadfadh an- tionchar a bheith ag an tionscnamh hidrigine agus an tionscnamh ceallraí araon mar chumasóirí ar an eitlíocht atá neodrach ó thaobh aeráide de, má fhreagraíonn a dtáirgí insoláthartha do riachtanais earnáil na heitlíochta. |
| **Comhréireacht?** |
| Tá an rogha thosaíochta comhréireach le scála na faidhbe, i bhfianaise chineál, chastacht agus chostas na heitlíochta agus a taighde agus nuálaíochta. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Tá imscrúdú á dhéanamh ar úsáid a bhaint as meastóireacht eatramhach, athbhreithniú débhliantúil ar an gClár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht, agus Meastóir seachtrach Tionchair maidir le glacadh le taighde agus nuálaíocht. Neartófar ról an Bhoird rialála um Eitlíocht Ghlan i gcomparáid le Spéir Ghlan 2 Fís 2020 le haghaidh treoraíocht straitéiseach agus bearta leantacha tionscadail níos fearr. |